

MODÚL 4. CLUICHE: AE INÁR SAOL LAETHÚIL

CEIST DO NA DALTAÍ

	CEIST DO NA DALTAÍ	RÉITEACH	MÍNIÚ
1.	Cé a chinneann an teorainn luais a bhíonn ar an mórbealach?	Ní AE	Tá rialacha tráchta difriúla i mBallstáit de AE, e.g., in Éirinn, i Málta agus sa Chipir tiomáineann daoine ar thaobh na láimhe clé den bhóthar. Tá cóid tráchta á gcomhordú, áfach, ar leibhéal Eorpach agus tá an ceadúnas tiomána Eorpach bailí ar fud AE.
2.	Cé a chinneann go bhfaigheann tú urrús dhá bhliain ar a laghad nuair a cheannaíonn tú ríomhaire glúine nua?	Leibhéal AE	Cosaint tomhaltóirí: faoi dhlí an Aontais, caithfidh baránta dhá bhliain ar a laghad a bheith ann do ghairis leictreonacha amhail fóin chliste, printéirí, ríomhairí glúine, folúsghlantóirí, innill chaife, etc.
3.	Cé a chinneann cén uair a bhailítear an bruscar?	Ní in AE	Is ag an leibhéal áitiúil den chuid is mó a chinntear cén uair a bhailítear an bruscar. Tá ciall leis sin: Dá mbeadh AE freagrach as an uair a bhailítear an bruscar, chruthófaí deacrachtaí mar nach bhfuil dóthain eolais ag AE maidir le riachtanais shonracha gach cathair.
4.	Cén a chinneann cén fhaisnéis a bhíonn le feiceáil agat ar channa sóide: Comhábhair, calraí, eolas teagmhála an táirgeora, etc.?	Leibhéal AE	Cosaint tomhaltóirí: teastaíonn ó AE go mbeadh faisnéis cheart agus iomlán ag na daoine faoi na rudaí a cheannaíonn siad. Sin é an fáth a mbíonn faisnéis áirithe (e.g. na comhábhair agus ainm an déantúsóra) ar na lipéid do tháirgí bia agus cosmaidí.
5.	Ag cén leibhéal sa rialtas a shocraítear na caighdeáin sábháilteachta d'fhóin chliste?	Leibhéal AE	An Margadh Aonair agus cosaint tomhaltóirí: is é an tAontas Eorpach a leagann síos na caighdeáin sábháilteachta do tháirgí a dhíoltar laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE).
6.	Cé a chinneann céard atá le foghlaim agat faoi dheireadh gach scoilbhliana?	Ní in AE	Ní dhéanann AE cinneadh maidir leis an mbealach a eagraítear oideachas agus céard é an t-inneachar. Dá thoradh, tá na spriocanna gnóthachtála deiridh difriúil i mBallstáit de AE (agus uaireanta idir réigiúin).
7.	Cé atá inniúil as trúpaí míleata a chur chuig limistéir choinbhleachta mórthimpeall na cruinne?	Ní in AE	Níl arm ag AE. Is inniúlacht náisiúnta é beartas eachtrach agus cosanta. Déanann na Ballstáit iarracht misin a chomhordú ag an leibhéal Eorpach, mar aon le laistigh d'Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh.
8.	Cé a chinneann gurb é 20 lá saor in aghaidh na bliana an t-íosmhéid ama saor a fhaigheann fostaí lánaimseartha gach bliain?	Leibhéal AE	Tá dlí Eorpach ann (An Treoir maidir le hAm Oibre, 1993) a thugann an ceart d'oibríthe ceithre seachtaine de shaoire bhliantúil le pá a bheith acu. Is féidir le gach eanáil agus/nó Ballstát níos mó laethanta saoire a thabhairt, ach caithfidh 20 lá ar a laghad a bheith ann.
9.	Cé a dhéanann cinneadh maidir leis na coinníollacha a theastaíonn d'oiliúint tiománaithe agus na coinníollacha a theastaíonn chun tástáil tiomána a phasáil?	Ní in AE	Ainneoin nach ndéanann AE cinneadh maidir leis na coinníollacha seo, tá do cheadúnas tiomána bailí láithreach ar fud AE agus tá sé ag teacht le leagan amach caighdeánach AE.
10.	Ag cén leibhéal sa rialtas a thabharfar isteach cosc ar phlaisteach indiúscartha (e.g. soip phlaisteacha agus sceanra plaisteach) ó 2021 ar aghaidh?	Leibhéal AE	Tá dlí nua tugtha isteach ag an Aontas a chuireann cosc ar nithe plaisteacha aon úsáide (e.g. plátaí, sceanra, soip agus baitíní cadáis nach mbíonn in úsáid ach uair amháin). Beidh an cosc i bhfeidhm ó 2021 ar aghaidh.

11.	Ag cén leibhéal sa rialtas a shocraítear an sprioc le haghaidh fuinneamh a thagann ó fhoinsí inathnuaite (e.g. fuinneamh gréine agus gaoithe)?	Leibhéal AE	Táthar ag iarraidh aistriú ó bhreoslaí iontaise go dtí fuinneamh níos glaine, agus thug an tAontas gealltanais ina leith sin i gComhaontú Pháras. Is é an sprioc atá ag AE ná go mbeidh 32% ar a laghad den fhuinneamh a úsáidtear san Aontas ag teacht ó fhoinsí fuinnimh inathnuaite faoi 2030. Ní hé an céatadán céanna atá ag gach Ballstát mar go bhfuil staid éagsúil i ngach tír.
12.	Cé a dhéanann cinntí maidir leis an gcead tógála do do theach?	Ní in AE	Údaráis áitiúla den chuid is mó a eisíonn ceadanna tógála do thithe príobháideacha.
13.	Cé leis a íocann tú do chuid cánacha?	Ní in AE	Ní bhailíonn AE cánacha go díreach óna shaoránaigh. Ní mór do gach Ballstát suim bhliantúil a íoc leis an Aontas Eorpach, arb ionann é agus ranníocaíocht le buiséad na hEorpa.
14.	Cé a dhéanann cinntí maidir lenár laethanta saoire poiblí: Céard iad na dátaí agus cé mhéad lá?	Ní in AE	Is iad na stáit náisiúnta a dhéanann na cinntí seo de ghnáth.
15.	Cé a dhéanann cinneadh maidir leis an uasmhéid de cháithníní míne a cheadaítear san aer?	Leibhéal AE	Déanann AE cinneadh maidir le go leor beart comhshaoil – e.g. cáilíocht uisce in aibhneacha, lochanna agus farraigí.
16.	Cá chláraíonn tú do phósadh?	Ní in AE	Is iad na húdaráis áitiúla den chuid is mó atá freagrach as clárú daonra agus stádas sibhialta.

